From Duchas.ie, a well-known story about

Saint Patrick

# Sgéal fá Naoṁ Pádraig agus Oisín.

Nuair a ḃí Naoṁ Pádraig annseo i nÉirinn ḃí Oisín an fear deireannaċ de na Fiannaiḃ ann fósta. Lá amáin ṫuit Naoṁ Pádruig agus Oisín 'un cóṁraiḋ. Ṫráċt siad ar an cineal aimsire a ḃíoḋ ann an t-am sin. Dubairt Oisín le Naoṁ Pádruig go raḃ difir mór eadar an cineal aimsire a ḃíoḋ ann annsin agus an cineal aimsire a ḃí ann nuair a ḃí seisean ina ġasúr. Dubairt sé go mbíoḋ fuaċt ar deireaḋ Earraig, baiṫe ar deireaḋ Samraiḋ, cloca sneaċta ar deireaḋ Fóġmair agus sioc ar deireaḋ geimriḋ.

Rinne siad móran tráċt ar an aimsear eadair deireaḋ. Ṫug Naoṁ Pádraig eolas dó fá'n creideaṁ fíor agus ṫug sé baisteaḋ dó. Ḃí Naoṁ Pádruig é féin ag éiriġe aosta in a am agus ḃí croisín leis. Ḃí iarrain ar deireaḋ an croisín aige sa ċluiċe 's go gcoinneoċaḋ sé greim ar an talaṁ. Nuair a ḃí sé gabail a ṫabairt baisteaḋ do Oisín sáiṫ sé an croisín ins an talaṁ agus caidé rinne sé aċ an croisín a ċuir fríd cois Oisín. Nuair a ḃí an baisteaḋ ṫart ṫug sé fá dear caidé ḃí déanta aige agus ars sé le Oisín, "Ca tuige nar labair tú." "O maise," deir Oisín, "síl mise gur de'n baisteaḋ sin."

Information about the source

3/2/38.

Deireaḋ

Mollaiḋ Ní Ġallċobair
a sgríoḃ.

Prionsus a Ġallċobair
Ḋuibḃinn
a d'innis.

Ba hé aṫair Prionsuis a d'innis an sgéal seo-san agus tá sé fa tuairm 60 bliaḋain d'aois.